**Cáin Mhaoine Áitiúil**

**Comhairliúchán Poiblí ar Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil a Shocrú don bhliain 2027**

**Ceisteanna Coitianta**

## Cad atá sa Cháin Mhaoine Áitiúil?

Is é atá sa Cháin Mhaoine Áitiúil ná cáin is iníoctha ar mhargadhluach maoine cónaithe.

## Cad is maoin chónaithe ann chun críocha na Cánach Maoine Áitiúla?

Ciallaíonn maoin chónaithe, sa chomhthéacs seo, aon fhoirgneamh nó déanmhas (nó aon chuid d'fhoirgneamh) a úsáidtear, nó atá oiriúnach lena úsáid, mar theaghais, agus folaíonn sí aon siúntán, fotheach, garáiste nó foirgneamh nó déanmhas eile, agus folaíonn sí tailte nach mó a n-achar ná aon acra amháin. Níl feidhm ag an gCáin Mhaoine Áitiúil maidir le láithreáin forbartha ná maidir le talamh feirme.

## Cén uair a tháinig an Cháin Mhaoine Áitiúil i bhfeidhm?

Tháinig an muirear i bhfeidhm an 1 Iúil 2013. Bhí íocaíocht leathbhliana dlite sa bhliain 2013, agus íocaíocht bliana iomláine dlite ón mbliain 2014 i leith.

## Cé atá freagrach as an gcáin a bhailiú?

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn an Cháin Mhaoine Áitiúil. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim raon modhanna éagsúla ar fáil le haghaidh an cháin a íoc. Tá tuilleadh mionsonraí faoin gCáin Mhaoine Áitiúil ar fáil ar a suíomh Gréasáin ag http://www.revenue.ie/en/tax/lpt/

## Cé atá faoi dhliteanas an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc?

Tá gach úinéir maoine cónaithe, lena n-áirítear úinéirí maoine ar cíos, faoi dhliteanas an cháin a íoc. Tá na grúpaí seo a leanas faoi dhliteanas an Cháin Mhaoine Áitiúil a íoc freisin:

- Daoine a bhfuil léas fadtéarmach acu (20 bliain nó níos mó)
- Daoine a bhfuil leas saoil nó ceart cónaithe fadtéarmach (ar feadh an tsaoil nó níos mó ná 20 bliain) acu i maoin chónaithe
- Údaráis áitiúla nó eagraíochtaí tithíochta sóisialta
- Duine atá ag gníomhú mar ionadaí pearsanta d'úinéir éagtha (mar shampla, duine atá ag gníomhú mar sheiceadóir/riarthóir eastáit). Tá iontaobhaithe nó tairbhithe faoi dhliteanas comhpháirteach i gcás go bhfuil maoin chónaithe á sealbhú ar iontaobhas.

**Conas a luacháiltear do mhaoin?**

Tá an cháin bunaithe ar *luach inmhuirearaithe* maoine cónaithe ar an *dáta luachála*. Tá an luach inmhuirearaithe mínithe mar an margadhluach a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go bhfaighfí an mhaoin í dá ndíolfaí í ar an margadh oscailte ar an dáta luachála. Is é an 1 Samhain 2025 an dáta luachála don Cháin Mhaoine Áitiúil. Beidh feidhm ag an luacháil ar do mhaoin ar an dáta sin ar feadh na tréimhse cúig bliana ó 2026 go 2030.

**Conas a mheasúnaítear an muirear Cánach Maoine Áitiúla?**

Gearrtar Cáin Mhaoine Áitiúil de réir an bhanda luachála a bhfuil feidhm aige maidir leis an maoin. Tá bunráta comhfhreagrach Cánach Maoine Áitiúla ag Bandaí 1 agus 2 don tréimhse luachála ó 2026 go 2030. Is de réir luacháil na maoine, mar atá mínithe ar bhealach níos mine thíos, a ríomhtar an muirear Cánach Maoine Áitiúla do mhaoine i mBandaí 3 go 19 agus do mhaoine ar mó a margadhluach ná €2.1 milliún.

**Cén difear a dhéanann sé seo don mheánteaghlach?**

Tugtar sa tábla thíos léiriú ar an ráta Cánach Maoine Áitiúla do mhaoine a thagann faoi bhandaí difriúla luachála tar éis laghdú 15% nó méadú 25% a bheith ann ar an mbunráta is infheidhme maidir leis an mbanda luachála Cánach Maoine Áitiúla lena mbaineann.

| Uimhir an bhanda luachála | Banda luachála € | Bunráta an mhuirir Cánach Maoine Áitiúla € | -15% | +25% |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 1 – 240,000 | 95 | €80.75 | €118.75 |
| 2 | 240,001 – 315,000 | 235 | €199.75 | €293.75 |
| 3 | 315,001 – 420,000 | 333 | €283.05 | €416.25 |
| 4 | 420,001 – 525,000 | 428 | €363.80 | €535.00 |
| 5 | 525,001 – 630,000 | 523 | €444.55 | €653.75 |
| 6 | 630,001 – 735,000 | 618 | €525.30 | €772.50 |
| 7 | 735,001 – 840,000 | 713 | €606.05 | €891.25 |
| 8 | 840,001 – 945,000 | 808 | €686.80 | €1,010.00 |
| 9 | 945,001 – 1,050,000 | 903 | €767.55 | €1,128.75 |
| 10 | 1,050,001 – 1,155,000 | 998 | €848.30 | €1,247.50 |
| 11 | 1,155,001 – 1,260,000 | 1094 | €929.90 | €1,367.50 |
| 12 | 1,260,001 – 1,365,000 | 1272 | €1,081.20 | €1,590.00 |
| 13 | 1,365,001 – 1,470,000 | 1535 | €1,304.75 | €1,918.75 |
| 14 | 1,470,001 – 1,575,000 | 1797 | €1,527.45 | €2,246.25 |
| 15 | 1,575,001 – 1,680,000 | 2060 | €1,751.00 | €2,575.00 |
| 16 | 1,680,001 – 1,785,000 | 2322 | €1,973.70 | €2,902.50 |
| 17 | 1,785,001 – 1,890,000 | 2585 | €2,197.25 | €3,231.25 |
| 18 | 1,890,001 – 1,995,000 | 2847 | €2,419.95 | €3,558.75 |
| 19 | 1,995,001 – 2,100,000 | 3110 | €2,643.50 | €3,887.50 |

I gcás maoine a thagann faoi bhandaí 3 go 11 atá léirithe thuas, ríomhtar an muirear Cánach Maoine Áitiúla mar **B*C**. Sa chás sin:

- Is ionann B agus lárphointe na méideanna laistigh de gach banda, agus iad slánaithe síos, agus
- Is ionann C agus 0.000906.

I gcás maoine a bhfuil a margadhluach idir €1.26 milliún agus €2.1 milliún (Bandaí 12 go 19) atá léirithe thuas, ríomhtar an muirear Cánach Maoine Áitiúla mar **B*C + (D-B)* E**. Sa chás sin:

- Is ionann B agus €1,260,000,
- Is ionann C agus 0.000906,
- Is ionann D agus lárphointe na méideanna laistigh de gach banda, agus iad slánaithe síos, agus
- Is ionann E agus 0.0025

I gcás maoine ar mó a margadhluach ná €2.1 milliún atá léirithe thuas, ríomhtar an muirear Cánach Maoine Áitiúla mar **B*C + (D-B)* E + (F*G)**. Sa chás sin:

- Is ionann B agus €1,260,000,
- Is ionann C agus 0.000906,
- Is ionann D agus €2,100,000,
- Is ionann E agus 0.0025,
- Is ionann F agus an sciar den chuid inmhuirearaithe den mhaoin ar mó é ná €2,100,000, agus
- Is ionann G agus 0.003

### Cad atá san Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil?

Féadfaidh na Comhaltaí Tofa a chinneadh an bunráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú síos faoi 15% ar a mhéad den bhunráta agus a athrú suas faoi 25% ar a mhéad den bhunráta laistigh dá limistéar riaracháin féin nó féadfaidh siad a chinneadh gan é a athrú ar chor ar bith. Beidh feidhm ag an gcoigeartú sin ón gcéad dáta dlite eile don Cháin Mhaoine Áitiúil (an 1 Samhain). Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall an ráta Cánach Maoine Áitiúla a mhéadú faoi 25% ar a mhéad, an ráta Cánach Maoine Áitiúla a laghdú faoi 15% ar a mhéad, nó an ráta Cánach Maoine Áitiúla a fhágáil gan athrú. Tugtar an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil ar an gcoigeartú ar an mbunráta.

### Cén reachtaíocht lena dtugtar de chumhacht d'údaráis áitiúla rátaí Cánach Maoine Áitiúla a athrú ina limistéar áitiúil?

Leagtar amach in alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, arna leasú, an chumhacht atá ag comhaltaí tofa na bunrátaí Cánach Maoine Áitiúla a athrú ina limistéar áitiúil. Ba leis an Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil agus Forálacha Eile) (Leasú), 2025, a rinneadh an leasú is déanaí ar an alt sin den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil). Mar thoradh ar an leasú sin, féadfaidh údaráis áitiúla an ráta Cánach

Maoine Áitiúla a athrú suas faoi 25 faoin gcéad ar a mhéad (a bhí teoranta do 15% roimhe sin), agus iad in ann an ráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú síos faoi 15 faoin gcéad ar a mhéad go fóill. Tiocfaidh an raon leathnaithe fachtóra coigeartaithe áitiúil sin i bhfeidhm don bhliain dliteanais Cánach Maoine Áitiúla 2027 agus do bhlianta ina dhiaidh sin. Tá sleachta tugtha thíos as alt 20(2) agus alt 20(5) den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), arna leasú:

**Cumhacht comhaltaí tofa d'údarás áitiúil chun bunrátaí a athrú.**

**Alt 20(2)**

Féadfaidh údarás áitiúil rún a rith á rá gur cóir an bunráta a bheith arna athrú (suas nó síos), ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe sa rún agus le héifeacht ón dáta atá sonraithe in *alt 21(2)* (arna chur isteach leis an Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2013), de réir céatadán sonraithe i leith maoine cónaithe iomchuí atá suite i limistéar feidhme an údaráis áitiúil, i gcás gur feidhm fhorchoimeádta (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) de chuid údaráis áitiúil í rún den sórt sin a rith.

**Alt 20(5)**

Maidir leis an bhfachtóir coigeartaithe áitiúil—
(a) ní fhágfaidh sé go dtiocfaidh méadú ar an mbunráta is mó ná 25 faoin gcéad, nó
(b) ní fhágfaidh sé go dtiocfaidh laghdú ar an mbunráta is mó ná 15 faoin gcéad.

**An bhféadfaidh údaráis áitiúla cinneadh maidir le hathrú áitiúil a dhéanamh i leith níos mó ná bliain amháin?**
Féadfaidh. Leis na Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil), 2026, déantar socrú go bhféadfaidh feidhm a bheith ag cinneadh maidir le hathrú áitiúil ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin.

Leanfaidh an t-údarás áitiúil an próiseas atá leagtha amach sna Rialacháin agus sa Treoir, i.e., comhairliúchán iomlán a dhéanamh leis an bpobal, tuarascáil a ullmhú do na comhaltaí tofa, rún a rith, agus fógra a thabhairt do na páirtithe iomchuí faoin toradh. Mar shampla, féadfaidh an t-údarás áitiúil a chinneadh cinneadh maidir le hathrú aníos 10% a chur i bhfeidhm ar feadh trí bliana gan aon cheanglas a bheith air athbhreithniú a dhéanamh ar an ní arís go dtí go mbeidh na trí bliana sin caite. Gach bliain, mar ní nós imeachta, iarrtar ar an údarás áitiúil an ráta athraithe áitiúil is infheidhme a dheimhniú do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn.

**Cad a tharlóidh má chinneann an t-údarás áitiúil an fachtóir coigeartaithe áitiúil a athrú i mbliain a dó de chinneadh a raibh tréimhse trí bliana i gceist leis ar dtús? Mar shampla, cinneann an t-údarás áitiúil scor den athrú aníos 10% tar éis bliain amháin a bheith caite agus ráta athraithe difriúil a chur i bhfeidhm don dá bhliain ina dhiaidh sin, amhail athrú aníos 20%?**

Chun ráta athraithe difriúil a chur i bhfeidhm seachas an ráta atá leagtha amach sa rún bunaidh, ní mór don údarás áitiúil tabhairt arís faoin bpróiseas atá leagtha amach sna

Rialacháin agus sa Treoir, i.e., comhairliúchán iomlán a dhéanamh leis an bpobal, tuarascáil a ullmhú do na comhaltaí tofa, rún nua a rith de réir bhuanorduithe an údaráis áitiúil chun teacht in ionad aon chinnidh roimhe, agus fógra a thabhairt do na páirtithe iomchuí faoin toradh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór don údarás áitiúil dóthain ama a chur i leataobh le haghaidh an comhairliúchán a dhéanamh, le haghaidh na tuarascálacha a ullmhú agus le haghaidh an fógra riachtanach a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, etc., sula ndéanfaidh sé aon athbhreithniú ar aon chinneadh roimhe. Leanfaidh an t-údarás áitiúil le fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhonn bliantúil chun an seasamh a dheimhniú.

**Cad a tharlóidh má tá údarás áitiúil, a bhfuil cinneadh maidir le hathrú aníos 10% i bhfeidhm aige do thréimhse trí bliana, ag iarraidh filleadh ar ais ar an mbunráta tar éis an chéad bhliain a bheith caite?**

Chun filleadh ar ais ar an mbunráta, ní mór don údarás áitiúil tabhairt arís faoin bpróiseas atá leagtha amach sna Rialacháin agus sa Treoir, i.e., comhairliúchán iomlán a dhéanamh leis an bpobal, tuarascáil a ullmhú do na comhaltaí tofa, an rún a chúlghairm de réir bhuanorduithe an údaráis áitiúil, agus fógra a thabhairt do na páirtithe iomchuí faoin toradh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór don údarás áitiúil dóthain ama a chur i leataobh le haghaidh an comhairliúchán a dhéanamh, le haghaidh na tuarascálacha a ullmhú agus le haghaidh an fógra riachtanach a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, etc., sula ndéanfaidh sé aon athbhreithniú ar aon chinneadh roimhe. Leanfaidh an t-údarás áitiúil le fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhonn bliantúil chun an seasamh a dheimhniú.

**An bhféadfaidh údarás áitiúil rún a rith gan an Bunráta a athrú do thréimhse trí bliana?**

Ní fhéadfaidh. Chun rún a rith do thréimhse shonrach e.g., tréimhse trí bliana, ní mór an bunráta a athrú suas nó síos. Má chinneann an t-údarás gan aon ráta athraithe a chur i bhfeidhm do thréimhse trí bliana, féadfaidh sé déanamh amhlaidh. Mar sin féin, ní mór don údarás an ní a bhreithniú, agus dul tríd an bpróiseas iomlán atá leagtha amach roimhe seo, gach bliain. Má tharlaíonn sé, ag deireadh an phróisis sin, go gcinneann an t-údarás áitiúil gan an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil a athrú, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an gcinneadh sin ach amháin maidir leis an mbliain airgeadais dár gcionn agus ní mór an ní a bhreithniú as an nua gach bliain ina dhiaidh sin.

**Cad a tharlóidh má chinneann údarás áitiúil scor de Bhunráta tar éis bliain amháin a bheith caite agus ráta athraithe difriúil a chur i bhfeidhm don dá bhliain ina dhiaidh sin, amhail athrú aníos 5%?**

Ós rud é nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag aon chinneadh gan an Bunráta a athrú ach amháin maidir le bliain amháin, ní mór an ní a bhreithniú as an nua an bhliain dár gcionn. Tar éis an próiseas iomlán comhairliúcháin agus tuarascála airgeadais a chríochnú an bhliain dár gcionn, féadfaidh an t-údarás áitiúil a chinneadh rún a rith chun athrú aníos 5% a chur i bhfeidhm don tréimhse dhá bhliain ina dhiaidh sin.

**Cad a tharlóidh mura ritheann údarás áitiúil aon rún maidir le hathrú ar an ráta áitiúil?**

Má tharlaíonn sé, tar éis an ní a bhreithniú, nach ritheann an t-údarás áitiúil aon rún chun fachtóir coigeartaithe áitiúil a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an mbunráta mar réamhshocrú. Leanfaidh an t-údarás áitiúil le fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhonn bliantúil chun an seasamh gan athrú a dheimhniú. Ní mór an ní a bhreithniú as an nua ansin an bhliain dár gcionn.

**Cé na dátaí deiridh le haghaidh fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn faoi chinneadh maidir le hathrú áitiúil?**

Ní fhéadfaidh aon chinneadh maidir le hathrú áitiúil i mbliain ar leith teacht i bhfeidhm ach amháin ón gcéad bhliain dliteanais eile ar aghaidh, e.g., i gcás cinneadh a dhéanfar i mí Mheán Fómhair/i mí Dheireadh Fómhair 2026, beidh feidhm aige ón mbliain dliteanais Cánach Maoine Áitiúla 2027 ar aghaidh. Ní mór an tréimhse, nó an líon blianta, a mbeidh feidhm ag an gcinneadh maidir le hathrú ina leith a bheith luaite sa rún. Is iad seo a leanas na dátaí sonracha le haghaidh fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi rúin: an 15 Deireadh Fómhair, i gcás aon bhliain seachas bliain athluachála Cánach Maoine Áitiúla; agus an 31 Lúnasa, i gcás bliain athluachála Cánach Maoine Áitiúla. **I gcás rúin nua (i.e., rúin a rithfear sa bhliain 2026) a mbeidh feidhm acu maidir leis an mbliain dliteanais 2027 ar aghaidh, is é an 15 Deireadh Fómhair 2026 an dáta deiridh le haghaidh fógra a thabhairt.**

Mar ghnáthamh, leanfaidh an t-údarás áitiúil le fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) gach bliain faoi aon fhachtóir coigeartaithe áitiúil a bheidh i bhfeidhm don bhliain dliteanais dár gcionn.

**An bhféadfaidh údarás áitiúil cinneadh maidir le hathrú ilbhliantúil a dhéanamh lena sonraítear athrú difriúil do gach bliain a chumhdaítear leis an gcinneadh, e.g., athrú aníos 5% i mbliain a haon, athrú aníos 10% i mbliain a dó agus athrú aníos 15% i mbliain a trí?**

Ní fhéadfaidh. Ní fhéadfar cinneadh maidir le hathrú ilbhliantúil a dhéanamh lena sonraítear athrú difriúil do gach bliain a chumhdaítear leis an gcinneadh. Le Rialachán 8 de na Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil), 2026, ní fhoráiltear ach amháin d'fhachtóir coigeartaithe áitiúil aonair a shocrú a mbeidh feidhm aige ar feadh na tréimhse a bheidh sonraithe sa rún, agus ní fhoráiltear do níos mó ná fachtóir coigeartaithe áitiúil aonair a shocrú do bhlianta aonair laistigh den tréimhse. Luaitear san fhógra i sceideal 4 a ghabhann leis na rialacháin gur cóir an bunráta cánach maoine áitiúla a bheith arna athrú (suas nó síos, de réir mar a bheidh) de réir céatadán sonrach ar feadh tréimhse shonraithe ama. Is céatadán aonair é an céatadán sin, sa mhéid nach ndéantar aon socrú do chéatadáin dhifriúla i mblianta difriúla.

**An dtabharfar ar aghaidh go dtí an bhliain 2027 an laghdú 5% a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2026?**

Bhí feidhm ag an laghdú 5% ar an mbunráta Cánach Maoine Áitiúla ar feadh na tréimhse ón 1 Samhain 2025 (an dáta dliteanais) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026. Fillfidh an ráta ar ais ar an mbunráta an 1 Samhain 2026, i.e., an ráta réamhchoigeartaithe, agus ní mór do na Comhaltaí Tofa a bhreithniú anois an laghdóidh siad an bunráta, an bhfágfaidh siad gan athrú é nó an méadóidh siad é don bhliain 2027.

**Cén difear a dhéanfaidh aon choigeartú ar an gCáin Mhaoine Áitiúil do sheirbhísí na Comhairle?**

Más rud é go laghdófar an ráta agus nach mbeidh aon chistiú ar fáil chun an laghdú sin a chúiteamh, cuirfidh an leibhéal laghdaithe ioncaim a bheidh ar fáil don Chomhairle teorainn leis an raon agus an méid seirbhísí agus tacaíochtaí a bheidh sí in ann a sholáthar sa bhliain 2027.

Más rud é go méadófar an ráta, cuirfidh an leibhéal méadaithe ioncaim a bheidh ar fáil don Chomhairle leis an gcumas a bheidh aici seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar sa bhliain 2027.

**An bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil faoi airgeadas na Comhairle?**

Tá. Tá faisnéis ar fáil ar ár suíomh Gréasáin maidir le Buiséid Bhliantúla agus maidir le cuntais deireadh bliana.

**Is féidir amharc ar Bhuiséad Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain 2026 ar ár suíomh Gréasáin**
Buiséad Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall 2026

**Is féidir amharc ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall ar ár suíomh Gréasáin**
Ráiteas Airgeadais Bliantúil Neamhiniúchta 2025

**Cén uair a dhéanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall cinneadh maidir leis an ráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú?**

Déanfar an cinneadh sin ag cruinniú den Chomhairle a thionólfar i mí Dheireadh Fómhair 2026.

**An mbeidh aon ionchur agam sa phróiseas?**

Beidh. Faoi alt 20 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, ceanglaítear ar Údarás Áitiúil próiseas comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh chun tuairimí agus barúlacha an phobail a lorg.

Mar chuid den phróiseas sin, ba mhaith le Comhairle Contae Fhine Gall do chuid tuairimí agus barúlacha a fháil maidir le haon togra le haghaidh an ráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú. Ba mhaith linn do chuid smaointe a fháil maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar theaghlaigh, ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar sheirbhísí na Comhairle mar thoradh ar an mbunráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú.

**Féadfar aighneachtaí a dhéanamh ón gCéadaoin an 1 Iúil 2026 go 12 p.m. meán lae Dé hAoine an 31 Iúil 2026.**

**Ní mór aighneachtaí a bheith faighte faoi 12 p.m. meán lae Dé hAoine an 31 Iúil 2026, agus féadfar iad a dhéanamh trí shuirbhé ar líne a chomhlánú ag https://consult.fingal.ie/en/surveys, trí leagan PDF den suirbhé seo a chur isteach trí ríomhphost chuig LPTConsultation@fingal.ie, nó trí chruachóip den suirbhé a chur isteach chuig:**

**Aighneachtaí maidir leis an gCáin Mhaoine Áitiúil**
**An Rannóg Airgeadais**
**Comhairle Contae Fhine Gall**
**Áras an Chontae**
**Sord**
**Co. Bhaile Átha Cliath**
**K67X8Y2**

**Cuirfear cruachóipeanna den suirbhé seo ar fáil ag na seoltaí seo a leanas: Comhairle Contae Fhine Gall, Áras an Chontae, Sord; agus Oifigí na Cathrach, Baile Bhlainséir.**

**Conas a úsáidfidh Comhairle Contae Fhine Gall na haighneachtaí a bheidh faighte?**

Breithneoidh na Comhaltaí Tofa de Chomhairle Contae Fhine Gall an t-aiseolas a bheidh faighte ón gcomhairliúchán poiblí seo mar chuid dá bpróiseas cinnteoireachta. I dtuarascáil chuig na Comhaltaí Tofa, tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach achoimre ar na haighneachtaí i scríbhinn a bheidh faighte.

Agus cinneadh á dhéanamh acu i dtaobh an athróidh siad an bunráta, breithneoidh na Comhaltaí Tofa na nithe seo a leanas:

- Ioncam agus Caiteachas Measta don Chomhairle sa bhliain 2027
- Staid Airgeadais reatha Chomhairle Contae Fhine Gall
- Éifeacht Airgeadais mheasta an ráta athraithe sa bhliain 2027
- Aiseolas ón gComhairliúchán Poiblí

Ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoin gcinneadh uaithi faoin 15 Deireadh Fómhair 2026. Laistigh de 14 lá ó rún a bheith rite ag na Comhaltaí Tofa chun an Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú, ní mór fógra a chur ar shuíomh Gréasáin na Comhairle freisin agus i nuachtán amháin a scaiptear i limistéar riaracháin na Comhairle.